

## **Ráiteas Cumhdach Leanaí**

### **Colaiste Gharumna**

#### **Tír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe**

Tá Coláiste Gharumna lonnaithe i dTír an Fhia i gCeantar nanOileán. Cuireann muid cúrsaí ar fáil dóibh suid atá ag déanamh an cúrsa SCG/OCG, cúrsaí Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht do Ábhar Oidí ó naColáistí Oiliúna, cúrsaí do pháistí atá san idirbhliain, chomh maith le bheith ag reachteáil campaí samhradh do pháistí ó 7 mbliana go dtí 12 bliain d'aois. Do réir riachtanais an Achta *Tús Áite do Leanaí* 2015 Tús áite do Leanaí agus doréir na teoracha ó *Tusla* maidir lehullmhúcháin Ráiteas um Chumhdach Leanaí a leagan amach sa cháipéis seo.

Tá sé mar aidhm ag Coláiste Gharumna a chinntiú i gcás páiste a bhíonn páirteach in aon cheann de chúrsaí/scéimeanna na heagraíochta go mbraithfidh siad sabháilte agus caomhnaithe le linn a dtréimhse páirtíochta ar fad agus cosanta ó aon drochíde nó neamart. Cuirfidh Coláiste Gharumna an cúram sin i gcrích trí roghnú agus maoirseacht an-chúramach a dhéanamh ar na tithe cónaithe ina gcuirimid na páistí, ar na múinteoirí agus ar an fhoireann a fhostaíonn an eagraíocht agus trí féachaint chuige go bhfaigheann na páistí leordhóthain aire uatha siúd atá ina bhfeighil.

Sa bhreis ar sin déanann Coláiste Gharumna iarracht dhíograiseach atmaisféar a chrúthú ina mbíonn gaol oscailte, iontaobhach agus comhoibreach ag na páistí leis an eagraíocht agus, go háirithe, leo siúd uile san eagraíocht agus lasmuigh di atá freagrach as a gcúram agus a ndul chun cinn.

Is é polasaí daingean na heagraíochta déileáil go pras agus go hilghabhálach agus go cothrom le haon cheist a thógtar faoi leas aon pháiste.

Tá ball foirne ar leith (*Eilís Ní Lochnáin DCA*) san eagraíocht ar a bhfuil cúram leas na bpáistí a chinntiú agus ar a bhfuil an cúram aon tuairisc nó líomhain faoi aon drochíde ar pháiste a chur in iúl láithreach den Stiúrthóir Pobalchúraim sa Bhord Sláinte áitiúil.

## Treoirínte don fhoireann/lucht cúraim

### **Cad is drochíde ann?**

Tugtar drochíde do pháiste ar bhealaí éagsúla agus an-mhínic, fulaingíonn páiste drochíde ar níos mo ná modh amháin e.g. i gcás tromaíocht, d'fhéadfadh drochíde fhisiciúil agus mhothúchanach araon a theacht i gceist.

Faoi láthair is gnách go ndéantar drochíde ar pháiste a rangú i gceithre chineál éagsúla

- drochíde fhisiciúil
- neamart
- drochíde mhothúchánach
- drochíde ghnéasach

Tá buntábhacht i gcónaí le hairdeall chun drochíde a sheachaint ach i gcás ina bhfuil drochíde tar éis tarlú cheana féin tá comharthaí áirithe ar chóir a bheith ag faire amach dóibh go speisialta.

### Drochíde fhisiciúil agus gortú nach tionóisc é

Is í is drochíde fhisiciúil ann ná aon ghortú nach tionóisc é, nó aon ghortú a tharlaíonn de thoradh aon teip thoiliúil nó fhaillitheach macléinn a chosaint. Is samplaí de dhrochíde fhisiciúil iad seo a leanas:

- *Croitheadh*
- *Láimhseáil leis an iomarca fórsa*
- *Páiste a ligean nó a chur i mbaol substaintiúil mórdhochair*

Tá sé tábhachtach i gcás daoine gairmiúla, múinteoirí san áireamh, nach den lucht leighis iad, a thugann drochíde faoi deara, go ndéanfaidís fiosrú, mar thús, faoi chúis an ghortaithe, cé gur féidir nach nglacfaidh siad leis an míniú agus go gcinneadh siad ar chéim bhreise a ghlacadh.

## Neamart

Is féidir neamart a shainiú i dtéarmaí faillí, mar a dhéantar mórdhochar don páiste, nó mórchur isteach ar a fhorbairt trí gan bia, éadaí, teas, sláinteachas intleachta, maoirseoireacht agus sábháilteacht, caidreamh le agus cion ó aosaigh, cóir leighis a bheith curtha ar fáil dó.

I gcomhthéacs imeachtaí Choláiste Gharumna bheadh neamart i gceist dá dtarlódh a leithéid seo a leanas.

- *gan go leor bia ná uisce a sholáthar*
- *gan dídean ná áiseanna sláinteachais a sholáthar*
- *gan cóir leighis chuí a sholáthar*
- *gan maoirseacht cuí a sholáthar*
- *easpa cosanta nó cur i mbaol*

## Drochíde mhothúchánach / shíceolaíoch

De ghnáth baineann drochíde mhothúchánach leis an gcaidreamh idir páiste agus a chúramóir seachais le himeacht ar leith ná le sraith d'imeachtaí. Tarlaíonn sé nuair nach bhfreastaíltear ar riachtanais an pháiste do chion, do mholadh, do chomhsheasmhacht, do shábháilteacht. Ní gnách go léirítear drochíde mhothúchánach trí airí nó comharthaí fisiciúla, ach amháin sa chás go mbíonn drochíde ar mhodhanna eile i gceist chomh maith. Is samplaí iad seo a leanas de dhrochíde mhothúchánach:

- Cáilíochtaí diúltacha a bhrú ar an bpáiste trí iad a lochtú, bheith searbhasach leo, bheith naimhdeach, nó milleán a chur orthu go leanúnach;
- Bheith neamhchomhsheasmhach nó míchuibhiúil faoina mbítear ag súil leis ón bpáiste ó thaobh iompair, cumas tuisceana, agus féinsmachta de;
- Modhanna smachtaithe míréasúnta nó rógharbh a úsáid.

## Drochíde ghnéasach

Is í drochíde ghnéasach ann ná páiste a úsáid ag duine d'fhonn spreagadh nó sásamh ghnéasach an duine féin nó daoine eile. Is samplaí iad seo a leanas de dhrochíde ghnéasach:

- *Nochtadh na mball giniúna nó aon ghníomh gnéasach a dhéantar d'aon turas i láthair páiste;*

- *Teagmháil nó baint de chorp páiste d'aon turas ag duine nó le rud d'fhonn spreagadh nó sásamh gnéasach;*
- *Gníomh gnéasach le comhthoil idir aosach agus duine faoi-aois. I gcás drochíde ghnéasach ar pháiste, is ceart a nótaíl, gurb í an aois toilithe le caidreamh collaí, chun críche an dlí choiriúil, ná 17 mbliana. Ciallaíonn seo mar shampla, go bhfuil caidreamh collaí idir chailín 16 bliana déag d'aois agus a buachaill-chara 17 mbliana in aghaidh an dlí, cé nach bhféachfaí air mar dhrochíde ghnéasach ar mhacléinn b'fhéidir.*

Is cóir é drochíde a thabhairt do dhuine óg atá faoi bhun a 18 agus déanfaidh an Bord Sláinte é a thuairisciú don Gharda Síochána.

### **Comharthaí Drochíde**

D'fhéadfadh comharthaí fisiciúla, comharthaí a bhainfeadh le hiompar nó comharthaí a bhainfeadh le forbairt an duine a bheith ann i gcás drochíde ghnéasach. Freagróidh daoine óga do dhrochíde ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh an fhreagairt mhothúchánach dul thar réimse iompair, an páiste ag cúlú isteach ann (innti) féin, airdeall fuaraigeanta go dtí iompar ionsaitheach nó aisteoireacht. Nuair a bhíonn macléinn an-chiúin agus cúlaithe isteach ann (innti) féin, go minic ag lorg aire, an-deorach nó ionsaitheach, d'fhéadfadh gur comhartha é go bhfuil tráma i saol an pháiste. Tá fliuchadh leaba; tromluithe, rith ón mbaile (nó a leithéid a bhagairt); caint nó gníomharthaí faoi fhéinmharú; ró-ól alcóil nó drugaí agus gadaíocht ina gcomharthaí gur chóir do dhuine fásta atá buartha iad a nótaíl agus gníomhú dá mbarr.

### **Drochíde fhisiciúil**

Bí aireach faoi na comharthaí seo a leanas:

- *ballbhrú gan mhíniú*
- *gortú leanúnach*
- *dónna nó scallta*
- *marcanna toitíní*
- *cnámha briste*
- *greamanna*
- *scéalta/leithscéalta gan dealramh faoi ghortuithe*

### Comharthaí neamairt

- easpa bia
- éadaí nó cruth salach/bréan go seasta
- easpa éadaí
- neamh-chneasú ar ghortuithe

### Comharthaí drochíde mhothúchánach

Bíonn drochíde mhothúchánach deacair a aithint go minic mar gur minic a bhíonn a chroílár suite san idirghníomhaíocht idir tuismitheoir, nó an múinteoir agus an páiste agus ní bhíonn comharthaí soiléire le feiceáil de gnáth. D’fhéadfadh áfach, go meabhródh na comharthaí seo a leanas i bpáiste níos sine drochíde:

- athrú giúmair, m.sh. dúlagar, easpa cumarsáide
- rith ón mbaile
- mí-úsáid alcóil, drugaí, nó tuaslagóra
- féinmhilleadh
- iarrachtaí féinmharaithe
- ciontacht
- neamhord iteacháin

D’fhéadfadh na torthaí síceolaíocha ar dhrochíde mhothúchánach a bheith fadtéarmach agus an-damáisteach. Leanfaidh titim san fhéinmheas drochíde mhothúchánach agus d’fhéadfadh sé raon leathan de fhriththorthaí a ghiniúint – ó dhomheanma, go páirtíocht i gcomhlúadar a sheachaint agus a bheith anchúthalach go dtí fearg, aisteoireacht agus tromaíocht.

### Comharthaí Drochíde ghnéasach:

- *Leideanna faoi ghníomhaíocht nó drochíde ghnéasach*
- *Tuiscint thar leibhéal a (h)aoise ar iompar gnéasach*
- *Drogall neamhghnách chun páirt a ghlacadh i ngnáthimeachtaí a mbíonn athrú nó baint éadaí i gceist leo, m.sh. cluichí/snámh {drogall faoi éadaí a bhaint}*
- *Eagla nó olc míchuibheasach a nochtadh i leith daoine fásta nó daoine níos sine*
- *Athrú iompair atá neamhghnách agus suntasach*
- *Iompar gnéasach ionsaitheach le daoine eile*

Comharthaí is ea iad seo thuas a d'fhéadfadh leide a thabhairt faoi dhrochíde a bheith á fulaingt ag páiste. Ach níor cóir leide amháin a ghlacadh mar chruthú doshéanta agus tá sé tábhachtach gan teacht ar bhreithiúnas láithreach bonn. Mar sin féin ba cheart gur leor iad chun an duine fásta a chaithfidh déileáil go fuarchúiseach leo a chur ar a (h)aire.

### **Tromaíocht**

Níl Coláiste Gharumna sásta ligean do thromaíocht d'aon chineál tarlú idir na páistí a bhíonn faoi chúram na heagraíochta nó ó chomhaltaí foirne agus gníomhaímid láithreach nuair atá aon fhianaise go bhfuil sé ag tarlú. Dá dheasca sin is den riachtanas é go mbeadh gach duine ar a bhfuil freagracht i leith daoine óga – múinteoirí, mná tí, ionadaithe áitiúla – san airdeall agus a bheith ag faire ar chomharthaí den chineál seo a leanas:

- *eagla air/uirthi dul amach ina(h)aonar*
- *gortuithe gan aon mhíniú e.g. liúracha ar an súile, aghaidh, géaga agus na cosa*
- *cuma fhaiteach*
- *éadaí strócaithe gan aon mhíniú*
- *cailliúint airgid ar bhonn rialta*
- *iompar deoranta, as carachtar*
- *iompú ina (h)aonarán*

Ní mór do chúramóir nó ball foirne atá amhrasach nó eolach faoi thromaíocht, an méid sin a chur in iúl don Phríomhoide (nó do dhuine cuí eile)

Ba chóir páiste a spreagadh chun labhairt le múinteoir má tá tromaíocht á déanamh orthu féin nó ar chairde leo. Is gá don fhoireann a bheith fíoraireach mar gur minic a bhíonn leisce ar pháiste tuairisc a thabhairt faoi thromaíocht – léiríonn taighde nach minic a dhéanann siad tuairisciú ar a leithéid.

Is cóir a mheabhrú, má tá an lucht tromaíochta freisin faoi chúram na heagraíochta, gur gá a bheith an-chúramach ag déileáil leo. B'fhéidir go bhfuil siad féin faoi strus nó faoi bhrú nó go bhfuil tromaíocht nó drochíde á bhfulaingt acu féin ina scoileanna nó ina gcomharsanacht féin. Dá bhféadfaí iad a mhealladh chun píosa a scríobh faoin eachtra tromaíochta d'fhéadfadh an méid sin féin tuiscint a thabhairt dóibh ar an gcaoi ina mbraitheann na páistí a ndearna siad féin tromaíocht orthu.

Chomh luath agus a shroicheann páiste an Ghaeltacht ba chóir a shoiléiriú dóibh cad a bheidh in ndán dóibh má thosaíonn siad ag gabháil do thromaíocht. Déanfar soiléir dóibh go ndéanfaidh an Príomhoide lánfhiosrú agus tógfaidh sé/sí na céimeanna riachtanacha chun a leithéid a cheannsú e.g. an cheist a phlé leis an bpáiste/ nó an páiste atá faoi amhras agus lena dtuismitheoirí – agus más gá, an páiste/na páistí sin a dhíbirt abhaile.

### **An Fhriotáil agus an tuairisciú ceart**

Is ar na Boird Sláinte agus ar an Gharda Síochána atá an fhreagracht maidir le cásanna drochíde ar pháiste. Níl sé cuí d'aonaráin nó don eagraíocht fiosrúcháin inmheánacha a reachtáil i gcásanna nuair a mheastar go bhfuil drochíde ar mhicléinn i gceist. Ba chóir don té atá freagrach san eagraíocht (*Eilís Ní Lochnáin*) luaidreáin nó líomhaintí a thuairisciú don Stiúrthóir Pobalchúraim sa Bhord cuí Sláinte.

### **Treoirínte chun tuairisciú drochíde a láimhseáil**

Má thugann páiste tuairisc faoi dhrochíde d'fhostaí den eagraíocht nó do chúramóir ba chóir gníomhú mar seo leanas:

- Is den riachtanas é tosú le freagra dearfach don pháiste a insíonn an scéal. Tá sé tábhachtach fanacht socair agus gan dearcadh mí-chuibheasach a léiriú faoina bhfuil ráite. D'fhéadfadh an duine a bheith an-eaglach mar go rabhthas, b'bhéidir tar éis bagairt air/uirthi gan focal a insint faoinar tharla.
- Níor chóir an páiste a cheistiú ach amháin sa chás nach bhfuil an méid atá a rá aige/aice soiléir. Níor cheart saincheisteanna a chur faoin sort drochíde a bhí i gceist. Má tá tú sásta go bhfuil bunús leis an ghearán, níor chóir duit tuilleadh eolais a lorg ón mhacléinn.
- Ba chóir a rá leis an páiste nach air (uirthi) siúd aon locht agus go ndearna sé/sí an rud ceart trí gearán a dhéanamh. Ba chóir é/í a mholadh as a c(h)inneadh gearán a dhéanamh agus ba chóir dearbhú a thabhairt nach gá a bheith buartha faoina bhfuil curtha in iúl aige (aice)
- Ná déan aon scrúdú fisiciúil ar pháiste, seachas comharthaí seachtracha a nótáil. Ná leag do lámh ar an bpáiste agus ná lig do pháiste éadaí a bhaint nó a ardú – agus ná déan tú féin é ach oiread.
- Níor chóir rúndaíocht a gheallúint don pháiste ach is cóir a gheallúint nach dtabharfar aon eolas faoin ghearán ach do dhuine nó do dhaoine ar chóir an t-eolas a bheith acu d'fhonn an cás a leigheas.

- Ní mór gníomhú láithreach má tá an páiste suite go fóill sa láithreán céanna inar tharla an drochíde. Ba chóir é seo a dhéanamh i gcomhairle leis an duine cuí i gColáiste Gharumna ach amháin sa chás go bhfuil sé dodhéanta an teagmháil sin a dhéanamh.
- Ba chóir tuairisc i scríbhinn a ullmhú ina mbeidh na sonraí ar fad breacaithe síos chomh beacht agus atá indéanta – cad a dúradh agus conas mar a d’iompair an páiste é (í) féin. Bheadh de cheart ag Cúirt an tuairisc seo a lorg faoi *sub poena*, dá dtiocfadh cás dlí chun cinn. Ba chóir síniú agus dáta a bheith leis an dtuairisc agus í a bheith tugtha don Phríomhoide a choinneoidh in áit shábháilte í.
- Ní mór tuairisc a chur ar fáil don duine cuí san eagraíocht, mar atá rianaithe ar na Línte Freagrachta, duine a dhéanamh teagmháil leis an Oifigeach Pobalchúraim sa Bhord Sláinte.
- Ba chóir a insint don pháiste cad é is dóichí a tharlóidh ina dhiaidh sin. Ba chóir gurb é an duine cuí – agus ar an mbealach cuí – a dhéanfadh é seo. Ní mór aon duine a dtugtar an t-eolas dó/di a bheith cúramach gan eolas míchruinn nó tuairimíocht a thabhairt.
- Is cóir féachaint chuige gan a bheith rócheangailte leis an gcás, seachas leanúint de a bheith ag tabhairt tacaíochta don pháiste. Is gá a thuiscint go bhfuil an cúram as lámha an chúramóra chomh luath agus a bhíonn an cás tuairiscithe.
- Is cóir a thuiscint go mbeidh tionchar pearsanta ar an éisteoir fad agus atá an páiste ag cur síos ar an drochíde agus má gá, ba chóir don éisteoir úd duine cuí a aimsiú chun comhairle a thabhairt dó(di), ach gan sárú ar an gcúram rúndachta.

### Amhras faoi Dhrochíde

Má tá amhras ann faoi dhrochíde d’aon chineál ar pháiste (tromaíocht san áireamh) ó aon fhoirse, ach nach tuairiscithe, is cóir na céimeanna seo a leanas a ghlacadh.

Ba chóir nóta a ghlacadh d’amhras an chúramóra. Ba chabhair don chúramóir í, b’fhéidir dá ndéanfadh sé/sí an scéal a phlé le comhghleacaí más duine é/í a bhfuil amhras air/uirthi freisin. Sa chás go bhfuil an chúramóir buartha go fóill, ba chóir an scéal a thuairisciú don té atá díreach i gceannas air/uirthi, a dhéanfaidh teagmháil leis an duine cuí san eagraíocht, a dhéanfaidh teagmháil leis an mBord



Sláinte. I gcásanna eisceachtúla tig leis an gcúramóir teagmháil díreach a dhéanamh le duine de na baill foirne ar leith san eagraíocht ar a bhfuil an cúram leas na bpáistí.

Ba chóir don chúramóir a thuiscint nach bhfuil sé (sí) ag déanamh líomhaintí nuair a chuireann sé/sí aon ábhar buartha i láthair. Nuair a léiríonn oibrí amhras *bona fide* déanfaidh an eagraíocht gach dícheall chun a chinntiú nach bhfulaíngíonn an té a léirigh an t-amhras aon droch-thoradh nó tromaíocht dá bharr.

Nuair a bhaineann an t-amhras nó líomhain le baill foirne, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina fhadhb ag an oibrí ach ní mór don oibrí a chur san áireamh gurb é an bundualgas atá ar an eagraíocht ná sábháilteacht agus leas an mhicléinn agus, dá réir sin, gur dualgas air/uirthi amhras a thuairisciú.

*Nóta: Cosnaíonn 'an tAcht um Chosaint Daoine ag Tuairisciú Drochíde ar Pháistí 2004' daoine a thuairiscíonn go réasúnta agus go macánta drochíde ar pháistí chuig na hOifigigh chuí sna Boird Sláinte nó chuig Comhalta ar bith den Gharda Síochána, ó aon dliteanas sibhialta.*

#### Líomhaintí in éadan comhaltaí foirne

Déanfaidh an eagraíocht a chur ar fionraí, ar lántuarastal, láithreach, aon bhall foirne, atá fostaithe go lánaimseartha nó ar chonradh gearrthréimhseach, faoine ndéantar líomhaintí faoi dhrochíde ar pháiste nó faoina a bhfuil amhras curtha in iúl, fad agus atá an fiosrúchán ar siúl. Déanfaidh an t-oifigeach cuí (***Eilís Ní Lochnáin***) na líomhaintí nó an t-amhras a thuairisciú láithreach chuig an Stiúrthóir Pobalchúraim. Lorgóidh an t-oifigeach sin comhairle ón Stiúrthóir Pobalchúraim. Fad agus atá an Bord Sláinte agus an Garda Síochána ag fiosrú na líomhainte, ní dhéantar aon fhiosrúchán inmheánach. Sa chás nach ndéanann an Stiúrthóir Pobalchúraim nó an Garda Síochána an líomhain a fhiosrú, d'fhéadfadh an eagraíocht a mheas go mbeadh fiosrú inmheánach riachtanach go fóill ar mhaithe le cosaint an pháiste agus sa chás sin tosófar fiosrúchán. Glacfar céimeanna cuí i ndiaidh an fhiosrúcháin, más gá sin, ar mhaithe le sábháilteacht agus leas an pháiste. Glacfaidh an eagraíocht gach céim atá riachtanach chun cearta bunúsacha daonna agus chun deacháil an té ar a bhfuil amhras caite nó líomhain déanta ina c(h)oinne a chosaint.

# Colaiste Gharumna

## Tír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe

### Treoiríníte do mhic léinn atá as baile

Cuireann Coláiste Gharumna fáilte romhat chuig do chúrsa Gaeilge. Is í ár mian go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an gcúrsa, is cuma an é seo an chéad uair a raibh tú linn, nó uair eile fós.

Teastaíonn ó Choláiste Gharumna go mbraithfidh gach páiste slán agus sona fad agus atá sé/sí linn. Chuige seo is gá go mbeadh gach aon duine san airdeall faoi shábháilteacht agus nach mbeidh an baol is lú ann go dtarlódh tromaíocht. Má tá trioblóid ar bith agat geallaimid duit go nglacfaimid dáiríre leis an bhfadhb agus go ndéanfaimid gníomhú chun í a leigheas, gan mhoill.

- Má thagann eagla ort, má tá tú míshona nó trí chéile nó má tá duine ag tromaíocht ort, abair an méid sin i gcónaí le duine éigin as a bhfuil muinín agat.
- Ná labhair le duine nach bhfuil aithne agat air/uirthi.
- Má bhraitheann tú nach bhfuil tú sábháilte, imigh láithreach go háit nó go duine lena mbraithfidh tú slán.
- Má bhraitheann tú go bhfuil tú i ndainséar ó dhuine a d'fhéadfadh tú a ghortú, lig scread asat chun aird a tharraingt ar an gcás ina bhfuil tú agus chun cúnaimh a fháil.
- Ná coimeád ina rún barróga nó póga nó teagmhálacha eile coirp.

### **Treoiríníte ginearálta sábháilteachta**

- Ná téigh riamh in aice le trá nó le habhainn i d'aonar.
- Nuair a bhíonn tú ag snámh, coinnigh cóngarach don trá agus déan do chuid snámh cois trá – ná téigh amach san fharraige. Déan mar a deir na múinteoirí leat ar an trá í gcónaí.
- Ná húsáid bolgáin aeir nó bréagáin san uisce.
- Faigh amach cá bhfuil na bealaí éalaithe tine sa teach ina bhfuil tú ar lóistín
- Ná himigh aon áit gan é sin a insint roimh ré don té atá ag tabhairt aire duit.

### Tromaíocht

Teastaíonn ó Choláiste Gharumna a dheimhniú nach ndéantar aon tromaíocht ar aon pháiste sa Choláiste. Teastaíonn cabhair gach éinne uainn chun a chinntiú nach dtarlaíonn a leithéid. Is minic a éalaíonn lucht tromaíochta mar nach labhraíonn éinne amach fúthu. Má tá tromaíocht á dhéanamh ortsa nó ar éinne eile ar an gcúrsa, abair sin leis an múinteoir nó le bean an tí. Ná cur suas le tromaíocht. Tuigimid go mbíonn sé deacair ar pháiste labhairt amach, ach is mór an chabhair é chun cosc a cur ar thromaíocht. Má tharlaíonn tromaíocht beidh Coláiste Gharumna fonnmar dul an-fhada chun é a stopadh. Déanfar teagmháil le tuismitheoirí an té a chiontaítear agus gach seans go gcuirfear abhaile é/í.

- Má dhéanann éinne iarracht ar thromaíocht a dhéanamh ort, imigh ón láthair chomh luath agus is féidir leat agus inis an scéal do mhúinteoir nó do bhean a'tí.
- Má tá tromaíocht ar siúl ar chara leat abair é sin láithreach le múinteoir nó le bean a'tí.

#### Ócáidí eile míchompordacha nó dainséaracha

- ❖ Má iarrtar ort rud éigin a dhéanamh a chuireann eagla ort nó a d'fhágfadh mí-chompordach tú diúltaigh láithreach.
- ❖ Má thugann tú faoi deara duine eile á c(h)ur féin nó duine eile i ndainséar ar bith sa 'rún'. Ní hionann duine ag iarradh ort rud áirithe a choimeád ina rún agus dualgas ar bith a bheith ort é sin a dhéanamh.
- ❖ Má leagann duine lámh ort nó má dhéanann duine rud éigin a fhágann tú míchompordach ar aon bhealach abair "Fan amach uaim" agus déan an eachtra a thuairisciú láithreach do mhúinteoir nó do bhean a'tí.

#### Cé a cabhróidh leat?

Tá fonn ar Choláiste Gharumna agus ar gach duine a bhaineann leo cabhrú leat aon uair a mbíonn tú buartha nó eaglach. Éistfidh siad siúd leat agus déanfaidh siad a ndícheall chun cabhrú leat.

- ☺ Tig leat labhairt le múinteoir nó le do bhean a'tí. Beidh fonn orthu siúd cabhrú leat.
- ☺ Más faoi dhuine den fhoireann nó duine atá ag tabhairt aire duit atá tú buartha, tá sé tábhachtach labhairt le duine fásta faoi.
- ☺ De bhreis air sin d'fhéadfá an scéal a insint do chara leat, a d'fhéadfadh cabhrú leat chun an scéal a insint do dhuine fásta.

- ☺ D'fhéadfá gloach gutháin a chur ar do thuismitheoirí agus iarraidh orthu siúd labhairt linne i gColáiste Gharumna.
- ☺ Má dhéanann tú an scéal a insint agus má cheapann tú nach bhfuil aon duine ag glacadh dáiríre leis, nó go bhfuil an fhadhb ann go fóill, tabhair an scéal do dhuine eile. **Ná stop go dtí go bhfaigheann tú cabhair.**

**Tá sé de cheart bunúsach agat a bheith slán, sábháilte. Má tá tú mí-shocair, trína chéile, eaglach nó i ndainséar tá rud amháin nár chóir duit a dhéanamh – is é sin FAIC! Tuigimid go mbeadh sé deacair ort b'fhéidir scéal áirithe a insint ach, mar sin féin, abair linn é. Táimid ann i gcónaí chun cabhrú leatsa.**

**Colaiste Gharumna**

**Tír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe**

**Treoirínte do Mhúinteoirí**

Is bunaidhm ag Coláiste Gharumna í, fad agus atá daoine óga páirteach in aon cheann de na cúrsaí a reáchtálann an eagraíocht, go mbíonn na daoine óga slán, sábháilte an t-am ar fad agus go bhfuil siad cosanta ar aon drochíde nó neamart.

Mar mhúinteoir tá ról an-tábhachtach agatsa i soláthar ardchaighdeán cabhrach agus aire do na páistí. Is í ár gcéad aidhm ná cosaint agus leas ár mic léinn. Tá tromdualgais ortsa ina leith seo agus iarraidimid ár dtreoirínte atá ceaptha go speisialta chun na páistí agus tú féin a chosaint.

- Bí ag síorfhaire ar shábháilteacht na bpáistí. Bí ag cuimhneamh ar na dainséir a d'fhéadfadh éirí. Is mór an chabhair í réamhphleanáil a bheith déanta in éadan na n-ócáidí dainséireacha nó trioblóideacha a d'fhéadfadh tarlú.
- Na ceadaigh iompar dainséarach.
- Ná ceadaigh iompar íditheach – tromaíocht, tarcaisne nó magadh. Ná déan iarracht déileáil le tromaíocht leat féin – faigh cabhair i gcónaí ón bPríomhoide nó ó mhúinteoir sinsearach.
- Éist i gcónaí le páiste a thagann chugat le fadhb. Bí aireach faoi thromaíocht agus faoi dhrochíde. Is minic a choinnítear tromaíocht agus drochíde faoi cheilt.
- Léirigh meas ar gach páiste mar dhuine aonarach. Bí tuisceanach i gcás páiste nach bhfuil sásta nó fonnmhar a bheith comhpháirteach in imeachtaí spóirt etc.
- Ná léirigh fabhar d'aon pháiste seachas a chéile.
- Ná cabhraigh le *crushes*.
- Aithin an ceart atá ag gach duine do phríomháideachas agus deimhnigh go n-aithníonn daoine eile an ceart sin freisin.
- Tuig go bhféadfadh múinteoir a bheith á chúisiú, go bréagach nó trí dhearmad, faoi mhí-iompar. Más féidir é, in aon chor, ná bí i do aonar le páiste, coinnigh an doras ar oscailt ar sheans go bhfuil tú le bheith i do aonar i seomra le páiste. Ná fág an coláiste nó an teach le páiste amháin – agus má iarrann an Príomhoide nó múinteoir eile ort páiste a thionlacan abhaile déan deimhin de go bhfuil duine eile leat.
- Tabhair dea-shampla i d'iompar pearsanta féin.
- Má insítear 'rún' duit ina bhfuil eolas faoi dhochair nó baol dochair do pháiste, abair nach bhfuil ar do chumas an 'rún' a choimeád chugat féin ach nach dtabharfaidh tú an t-eolas atá sa 'rún' d'éinne seachas do dhuine

ag a bhfuil an cumas an scéal a leigheas. Tabhair eolas faoin eachtra láithreach don té a bhfuil tú freagrach dó (di).

- Má insítear ‘rún’ den chineál seo duit ná hábhair aon rud faoi le héinne nach mbaineann a réiteach leis (lei). **Tá discríd an-tábhachtach i gcásanna den chineál seo.**
- Má thagann tú ar eolas faoi aon eachtra nó má mheasann tú go bhfuil drochíde d’aon chineál ar siúl, inis a bhfuil cloiste nó ar eolas agat don Phríomhoide **láithreach**. Déan an nóta faoi chomh luath agus atá sin indéanta, sínigh é agus cuir dáta air agus tabhair nóta don Phríomhoide,
- chun é a choimeád slán.
- Ná hiarr ar an bpáiste athinsint a thabhairt duit ar an eachtra, gan cúis mhaith.
- Ná déan iarracht an eachtra a fhiosrú tú féin – fág é sin faoi dhaoine níos údarásaí.

## **Colaiste Gharumna**

**Tír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe**

**Treoiríníte do Mhná Tí**

Is daoine leochaileacha iad mórán páistí, ach go háirithe iad siúd ar a gcéad turas chun na Gaeltachta. Tá sé tábhachtach, mar sin a bheith cúramach faoin aire a thugtar dóibh.

Chomh maith le bheith ag tabhairt aire do riachtanais chorportha na bpáistí tá Bean a'tí suite go maith le haon mhíshuaimhneas, tromaíocht nó ábhar buartha a thabhairt faoi deara. Más ann dó, nó má shileann tú a leithéid a bheith amhlaidh ní mór duit an t-eolas seo a thabhairt don Phríomhoide, nó dá ionadaí nó díreach don duine cuí ar an gCoiste má tá sé seo níos oiriúnaí.

Anuas air seo is gá na treoirínte seo a leanúint:

- 1. Ní mór do bhean a'tí a bheith sa teach i gcónaí nuair atá na páistí ann. Má tharlaíonn gur gá di dul amach ní mór duine fásta a fhágáil ina háit. Ní ceadmhach duine faoi 21, fiú duine den chlann, a fhágáil i mbun na bpáistí.**
2. Má tá dalta tinn ba chóir páistí eile a choimeád sa bhaile in éineacht leis/lei. Ba chóir go mbeadh córas rabhaidh sa teach agus fios ag na páistí cad ba chóir a dhéanamh i gcás tine.
3. Ba chóir na páistí a chur san airdeall faoi aon rud contúirteach sa teach nó lasmuigh de.
4. Ba chóir go mbeadh córas rabhaidh sa teach agus fios ag na páistí cad ba chóir a dhéanamh i gcás tine.
5. Níor chóir go mbeadh aon duine den líon tí riamh faoi thionchar an óil i láthair na páistí.

Ar an drochuair, sa lá atá inniu ann, is gá a aithint gur féidir go ndéanfaí líomhain fút féin nó faoi dhuine de do chlann agus ní mór a bheith i gcónaí san airdeall faoi seo.

**Treoirínte maidir le bagairtí féinmharaithe**

Mar eagraíocht/choláiste níl na scileanna gairmiúla cuí againn ná ní hé ár ról déileáil le fadhb den saghas seo ar bhealach oiriúnach. Tá cabhair agus cúram gairmiúil riachtanach chuige sin. Is gá, mar sin, an duine óg a chur ar ais faoi chúram a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí chomh luath agus atá indéanta, ach is gá freisin sábháilteacht an duine óig a chinntiú idir an dá linn.

Dá ndéarfadh an páistí i gcúram na heagraíochta go bhfuil sé/sí ag cuimhneamh nó ag bagairt lámh a chur ina bhás féin, **NÍ MÓR** glacadh lán dáiríre leis an méid atá ráite. Tá sé tábhachtach áfach gan gníomhú ar bhealach scaollmhar. Is ag impí atá an duine a dhéanann bagairt mar seo agus ní mór a chur ina luí uirthi/air go bhfuil an chabhair seo ar fáil dóibh.

**NÍ MÓR** a chinntiú nach bhfágtar an té a dhéanann bagairt mar seo ina (h)aonar.

Chomh luath a chuirtear ar an eolas é/í faoi bhagairt dá leithéid seo, ní mór don Phríomhoide

- a dhearbhu don duine óg go bhfuil cabhair le fáil
- a chinntiú **NACH** bhfágtar an duine óg ina (h)aonar
- na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoin bhfadhb
- an dochtúir áitiúil a chur ar an eolas
- údaráis an choláiste agus/nó an t-oifigeach sábháilteachta a chur ar an eolas
- socruithe a dhéanamh láithreach an duine óg a chur ar ais slán sábháilte chuig a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí

Sa chás go bhfaigheann múinteoir, nó bean tí fios faoi bhagairt dá leithéid ní mór dóibh

- a chinntiú **NACH** bhfágtar an duine óg ina(h)aonar agus an Príomhoide a chur ar an eolas faoin scéal láithreach
- sa chás gur labhair an páiste leo go díreach, dícheall a dhéanamh chun é/í a chur ar a s(h)uaimhneas agus a insint dó/di go bhfuil cabhair in aice láimhe
- **GAN** geallúint a thabhairt an scéal a choimeád ina rún
- **GAN** an t-eolas a scaipeadh seachas mat atá iomlán riachtanach.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an polasaí seo ar 16 Márta 2018.



Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo i Márta 2019.

Siniú \_\_\_\_\_

Cathaoirleach